C/2025/760

11.2.2025

Rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ionchur i gclár oibre 2025 an Choimisiúin Eorpaigh

(C/2025/760)

Rapóirtéirí: **Christa SCHWENG**
Cinzia DEL RIO
Ioannis VARDAKASTANIS

Comhairleoirí	Jukka AHTELA (thar ceann chomhrapóirtéir Ghrúpa I) Stefan GRAN (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa II) Piotr SADOWSKI (thar ceann rapóirtéir Ghrúpa III)
An bunús dlí	Riail 52(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	4.12.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	592
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	163/2/9

1. Réamhrá

1.1. Ina cháil mar ghuth institiúideach na sochaí sibhialta eagraithe san Aontas Eorpach, cuireann CESE a thuairim in iúl maidir le Clár Oibre 2025 an Choimisiúin Eorpaigh. Sna treoirlínte polaitiúla ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen don tréimhse 2024-2029, leagtar amach treochlár le haghaidh Eoraip athléimneach, inbhuanaithe agus chuimsitheach. Úsáidtear na seacht gceannteideal chéanna sa rannchuidiú leis an gClár Oibre sin, chun féachaint le ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le beartais an Aontais a mhúnlú. Leis an rannchuidiú seo, baintear leas as cuid de na moltaí a rinneadh sa rún ó CESE dar teideal Dul chun cinn daonlathach an Aontais a leagan amach: rún don chéad sainordú reachtach eile a glacadh i mí Mheán Fómhair 2024.

1.2. Mar thúsphointe, tá sé ríthábhachtach go ngníomhóidh an tAontas go práinneach chun Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus an Comhshocrú don Todhchaí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach trí straitéis uileghabhálach de chuid an Aontais lena ndíreofaí ar an tsíocháin a chur chun cinn agus ar an dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil.

1.3. Cé go bhfuil uair na cinniúna buailte leis an Aontas Eorpach, agus cogaí ag titim amach béal dorais leis, agus in ainneoin nach mór dó aghaidh a thabhairt ar aistrithe dúshlánacha aeráide agus digiteacha agus iomaíocht ghéar sna margaí domhanda, ní mór tús áite a thabhairt do luachanna bunúsacha an daonlathais, na dlúthpháirtíochta an chomhionannais, an cheartais shóisialta, na hinbhuanaitheachta agus an smachta reachta in aon phlé faoi thodhchaí an Aontais. Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis na luachanna sin a chaomhnú agus a dhaingniú agus rannchuidíonn siad le dearadh, forfheidhmiú agus faireachán beartas agus uirlisí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

1.4. Tá ról lárnach ag CESE maidir le spás láidir sibhialta a chothú agus idirphlé sibhialta fóinteach a éascú. A bhuí leis an taithí fhairsing sheanbhunaithe atá aige, tugann sé institiúidí an Aontais agus eagraíochtaí éagsúla den tsochaí shibhialta le chéile, rud atá ríthábhachtach, agus cinntíonn sé go n-éistear le glór na n-eagraíochtaí sin laistigh de na próisis ceaptha beartas. Tá seasamh uathúil ag CESE a chuireann ar a chumas an daonlathas rannpháirtíochta a chur chun cinn agus cuimsiú geallsealbhóirí éagsúla i bpróiseas múnlaithe beartas an Aontais a spreagadh. Trí ardán a chur ar fáil chun gur féidir teacht ar chomhaontú agus idirphlé a dhéanamh, tacaíonn CESE le beartais chuimsitheacha a fhorbairt atá ag teacht le riachtanais agus mianta na bhfostóirí, na n-oibrithe agus eagraíochtaí na sochaí agus, ar an gcaoi sin, feabhsaíonn sé dlisteanacht agus éifeachtacht rialachas an Aontais. Cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh gach duine, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí nach n-éistear leo go minic, rannpháirteach in idirphlé an Aontais. Ar an gcaoi sin, beifear in ann an rannpháirtíocht shibhialta agus an trédhearcacht a neartú ar fud institiúidí an Aontais.

1.5. Beidh an bhliain 2025 ríthábhachtach chun an cur chuige reachtach a ghlacfar le linn an chéad sainordaithe eile de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a leagan síos. Iarrann CESE go ndéanfaí bearta láidre chun a áirithiú go mbeidh na beartais a leagtar amach cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus go mbeidh an tAontas rathúil go heacnamaíoch mar thoradh orthu.

2. **Plean nua do rathúnas inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa**

2.1. I bhfianaise na ndúshlán geopholaitiúla nua agus na ndúshlán atá ag dul i gcastacht in aghaidh an lae, iarrann CESE ar an Aontas Eorpach beart cinntitheach a dhéanamh chun a iomaíochas inbhuanaithe fadtéarmach, a rathúnas do chách agus a cheannaireacht a áirithiú ar an leibhéal domhanda ar bhonn fadtéarmach. Dá bhrí sin, ní mór feabhas a chur ar na beartais uile a chuideoidh le táirgiúlacht agus iomaíochas an Aontais a neartú, infheistíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha a ailíniú le cuspóirí coiteanna sóisialta agus comhshaoil agus, ag an am céanna, an geilleagar sóisialta margaidh a chur chun cinn agus folláine na nglún atá le teacht a chothú.

2.2. Beidh tábhacht ar leith ag baint le cineálacha nua infheistíochta agus athchóirithe, agus le dlús a chur leis an nuálaíocht chun an t-iomaíochas a neartú agus chun cóineasú aníos a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar spriocanna maidir le cuimsiú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil a chur san áireamh agus a ailíniú leis an sprioc maidir le hiomaíochas an Aontais a fheabhsú.

2.3. Tá géarghá ag an Aontas le Comhaontú Glas agus Sóisialta a bheadh bunaithe ar gheilleagar na dea-bhaile agus ar choincheap nua rathúnais do dhaoine agus don phláinéad d'fhonn aistriú cóir agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú. Ionas nach gcuirfí ualach mór ar chuideachtaí mar gheall ar na hiarrachtaí sin, ní foláir cur chun feidhme cuí agus éifeachtach a áirithiú trí phleananna gníomhaíochta réalaíocha a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, agus trí thacaíocht a thabhairt do na fiontair, go háirithe FBManna, féachaint leis an iomaíochas a choinneáil agus fostaíocht iomlán ardcháilíochta a dhaingniú. Chun spriocanna comhshaoil an Aontais a bhaint amach, tá gá le hinfheistíochtaí, taighde agus nuálaíocht, teicneolaíocht, scileanna leordhóthanacha, beartas tionsclaíoch Eorpach a mbeidh sé d'acmhainn aige cistí poiblí agus príobháideacha a chur ar fáil agus a bheidh bunaithe ar chosaint na gcaighdeán sóisialta agus ar phoist ar ardchaighdeán.

2.4. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór don Eoraip a bheith níos iomaíche, mar a chuirtear in iúl i dtuarascáil Draghi, agus ní mór tacaíocht a thabhairt, ag an am céanna, don mhúnla sóisialta Eorpach agus don bheartas comhtháthaithe ar na leibhéil uile. De réir na tuarascála sin, tá trí réimse ann lena bhféadfaí an fás a athbhunú: an bhearna nuálaíochta leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSín a dhúnadh, go háirithe maidir le hardteicneolaíochtaí; plean comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas; agus an tslándáil a mhéadú agus spleáchais a laghdú. Tá infheistíocht ollmhór de dhíth ar na trí réimse sin chun an geilleagar a athrú ó bhonn, agus, dá bhrí sin, tá gá le hacmhainneacht infheistíochta airgeadais ar leibhéal an Aontais.

2.5. Ní mór rialacha reatha an mhargaidh aonair a threisiú chun dinimic nua agus níos cothroime a chruthú do shoghluaisteacht trasteorann daoine, earraí, seirbhísí, caipitil agus sonraí, mar a luaitear i dtuarascáil Letta.

2.6. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá sé an t-ualach riaracháin agus na costais chomhlíonta a laghdú. Mar sin féin, cuireann sé i bhfios go láidir gur gá é sin a dhéanamh ar bhealach trédhearcach cuimsitheach, gan dochar a dhéanamh do na bunchuspóirí reachtacha, agus na hardchaighdeáin atá ann faoi láthair á gcoinneáil ag an am céanna, go háirithe ó thaobh dhea-bhail na sochaí agus chosaint an chomhshaoil de. Ní mór critéir shoiléire agus meastóireacht éifeachtach maidir leis an gcur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a bheith mar bhonn den mhéid sin. Ba cheart don Choimisiún faisnéis shoiléir thrédhearcach a chur ar fáil maidir leis na tionscnaimh atá beartaithe maidir le rialáil níos fearr agus idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht iomlán na sochaí sibhialta sa phróiseas a áirithiú.

2.7. A mhéid a bhaineann le FBManna, ba cheart an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' a fhíorú, trí chreat reachtach cobhsaí a chur ar fáil, trí phróisis riaracháin a chuíchóiriú agus a laghdú, trí chothrom iomaíochta a áirithiú sa mhargadh aonair, agus trí rochtain a thabhairt do FBManna ar fhuinneamh in-athnuaite ar phraghsanna inacmhainne.

2.8. Tá práinn ag baint leis an infheistíocht sa nuálaíocht agus sa mhonaraíocht a dhéantar bunaithe ar neamhspleáchas straitéiseach oscailte, rud a chuireann leis an tionscal glan-nialasachta, an geilleagar ciorclach, amhábhair chriticiúla, an Gníomh um Shliseanna agus teicneolaíochtaí cosanta agus straitéiseacha, agus is rud ar cheart é a ailíniú go hinbhuanaithe le comhchuspóirí sóisialta agus comhshaoil.

2.9. Le Straitéis láidir Eorpach maidir le tionsclaíocht, ba cheart an sprioc do 2040 a chomhlánú, is é sin laghdú 90 % a dhéanamh ar CO2, agus poist ardcháilíochta a choinneáil agus a chruthú san Eoraip. Ina fhianaise sin, tá géarghá le plean gníomhaíochta cuimsitheach, amhail an *Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan* atá ar na bacáin, faoi scáth an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, a thabhairt isteach mar thosaíocht straitéiseach chun iomaíochas inbhuanaithe an Aontais a ardú agus a áirithiú. Ba cheart bearta tionlacain spriocdhírithe an aistrithe ghlais, bearta arb é is aidhm dóibh tacú leis na hearnálacha agus na réigiúin, na fiontair agus na hoibrithe is mó a ndéantar difear dóibh, a shainaithint agus a chur chun cinn go leordhóthanach chun réamhaíocht agus bainistiú an athraithe a éascú agus chun a áirithiú gur próiseas cóir agus cothrom a bheidh sa mhéid sin.

2.10. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh aistriú teicneolaíochta ann a rachaidh chun tairbhe do chách, lena n-áiritheofar go laghdófar neamhionannais agus nach gcuirfear leo, mar shampla trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagair dhigiteacha phoiblí láidre atá riachtanach do sheirbhísí poiblí. Sa chomhthéacs sin, iarrann CESE ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar leibhéal an fheabhsaithe ar an digiteáil ar fud an riaracháin phoiblí trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, pleananna a rachaidh in éag in 2026.

2.11. Tá saol na hoibre á athrú ó bhonn ag an digiteáil, lena n-áirítear an intleacht shaorga, agus, ag an am céanna, tá acmhainneacht ollmhór ann chun táirgiúlacht mhéadaithe a bhaint amach i ngach brainse den gheilleagar. Go luath in 2025, tabharfaidh CESE tuairim shonrach uaidh, mar aon le tuairim arna hiarraidh ag Uachtaránacht na Polainne maidir le tionchar na hintleachta saorga ar an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair. Ba cheart measúnú breise a dhéanamh ar an tionchar atá ag an mbainistiú de réir algartam ar dhálaí oibre agus ar eagrú na hoibre, agus an prionsabal gurb é an duine atá i gceannas á áirithiú ag an am céanna.

2.12. Tá réabhlóid scileanna ag teastáil, mar aon le gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach, ós rud é go bhfuil an tAontas i bhfad faoi bhun na sprice maidir le 60 % de dhaoine fásta a bheith faoi oiliúint, mar a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh sonraí iontaofa cothrom le dáta ann chun faireachán a dhéanamh ar an ráta rannpháirtíochta sin. Tacaíonn CESE go láidir leis an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM atá beartaithe, agus leis an treochlár éifeachtach a ghabhann leis. Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach sna próisis sin.

2.13. Tugann CESE dá aire, agus is díol spéise dó, an tionscnamh atá beartaithe maidir leis an teilea-obair agus an ceart chun dícheangail. Iarrann sé ar an gCoimisiún an tionscnamh sin a áireamh i gClár Oibre 2025.

2.14. Ba cheart do mhonarchana intleachta saorga tús áite a thabhairt don chomhar le FBManna agus le moil nuálaíochta áitiúla, agus a áirithiú go mbeidh rochtain fhorleathan acu ar thairbhí na hintleachta saorga. Molann CESE go n-oibreodh monarchana intleachta saorga faoi dhianchaighdeáin eiticiúla chun trédhearcacht, cuntasacht agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú. Tá CESE ag iarraidh a bheith rannpháirteach ó thús an phróisis.

2.15. Ní féidir bonn tionsclaíoch níos láidre, claochlaitheach agus iomaíoch a bheith ann gan infheistíocht ollmhór agus ba cheart an infheistíocht sin a mhaoiniú, a rialáil agus a chur chun feidhme ar bhealach lena gcaomhnófaí sláine an mhargaidh aonair agus lena ndúnfaí aon bhearna idir an tAontas agus a chomhpháirtithe idirnáisiúnta ar thaobh amháin agus a phríomhiomaitheoirí ar an taobh eile, sin le rá bearnaí ó thaobh fáis, táirgiúlachta agus nuálaíochta de. Tá gá le méideanna suntasacha cistiúcháin phoiblí chun infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh i réimsí nach bhfuil cás gnó iontu go fóill maidir le réitigh atá neodrach ó thaobh carbóin de agus in earnálacha straitéiseacha ina ndéanfaí táirgeadh murach sin i réigiúin dhomhanda atá in iomaíocht gheo-eacnamaíoch ina bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as spleáchais.

2.16. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE le Ciste Eorpach nua um Iomaíochas a bhunú sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ar mhaithe le buiséad nua atreisithe a bheith ann. Ba cheart infheistíochtaí poiblí agus gníomhaíochtaí poiblí níos láidre a áireamh sa chiste sin chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus infheistíochtaí príobháideacha i spriocanna comhchoiteanna a scaoileadh. D'fhéadfaí an méid sin a dhéanamh tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta freisin.

2.17. Is príomhchuspóir é sin chun bogadh i dtreo comhthionscadal arna maoiniú ag an Eoraip in earnálacha straitéiseacha a bhfuil breisluach soiléir Eorpach ag baint leo. Ba cheart do na tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a fhaigheann tacaíocht ón Ciste Eorpach um Iomaíochas tacú le príomh-chomhpháirtíochtaí.

2.18. Is díol sásaimh do CESE an t-athbhreithniú ar na rialacha maidir le Státchabhair i ndáil le tithíocht. Ní mór plé níos leithne a dhéanamh i ndáil le rialacha maidir leis an státchabhair, agus i ndáil leis an mbeartas iomaíochta agus tionsclaíoch, de réir forbairtí polaitiúla agus eacnamaíocha lena ndírítear ar chuspóirí straitéiseacha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

2.19. Chun spleáchas na hEorpa ar fhoinsí eachtracha fuinnimh a laghdú, agus chun neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa a chur chun cinn, ba cheart do chreat rialála an Aontais na dálaí a chruthú do sholáthar fuinnimh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, inacmhainne, inrochtana agus iontaofa, mar a luaitear sa tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh. Cuireann CESE i bhfáth gur seirbhís leasa ghinearálta é an soláthar fuinnimh.

2.20. Ba cheart don Aontas gníomhú go práinneach chun Aontas Sláinte Eorpach lánfheidhme a thabhairt chun críche agus chun infheistíocht mhór a dhéanamh i dtionscadail chomhoibritheacha taighde leighis, mar a rinneadh chun freagairt do COVID-19. Tathantaíonn CESE ar an Aontas plean gníomhaíochta maidir le galair neamhchoitianta a thabhairt isteach agus a aithint go bhfuil an ceart ag na saoránaigh chun cúraim sláinte ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana, rud ba cheart a leagan síos i Ráthaíocht Sláinte Eorpach. Tá an tiomantas sin an-tábhachtach chun an tsláinte phoiblí a chosaint mar cholún den cháilíocht saoil agus den athléimneacht laistigh den Aontas.

2.21. Iarrann CESE go nglacfaí Ráthaíocht Eorpach um Chúram,, chun rochtain ar chúram inacmhainne agus ar ardchaighdeán a áirithiú, agus tacaíocht a thabhairt do chúramóirí ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach oibrithe nua a mhealladh isteach chuig earnáil an chúraim sláinte, agus dálaí maithe oibre a áirithiú, agus infheistiú i lucht saothair oilte, sciliúil agus spreagtha, lucht saothar a bheadh cothrom ó thaobh inscne de, a mbeadh ardmheas ag an tsochaí air agus a dtabharfaí luach saothair leordhóthanach dó.

2.22. Leagann CESE béim ar an ngá atá leis an gcreat cibearshlándála d'earnáil an chúraim sláinte a neartú, agus ar an méadú atá ag teacht ar an spleáchas ar theicneolaíochtaí digiteacha sa chúram leighis. Ba cheart díriú ar thrí phríomhréimse sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an gCibearshlándáil: bonneagar cibearshlándála feabhsaithe in ospidéil agus i soláthraithe cúraim sláinte; tacaíocht do sholáthraithe cúraim sláinte beaga; agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha ar mhaithe le cibear-athléimneacht.

2.23. Ina theannta sin, trí dhíriú ar an intleacht shaorga sa chúram sláinte, ba cheart an chibearshlándáil a fheabhsú, an dhiagnóisic a chuíchóiriú, agus ailíniú a dhéanamh leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an gCibearshlándáil ar mhaithe le haistriú digiteach níos sábháilte agus níos cuimsithí, agus cúram duinelárnach á chosaint ag an am céanna.

3. **Ré nua don Chosaint agus don tSlándáil Eorpach**

3.1. Má tá an Eoraip le bheith slán, ní mór an ceartas sóisialta agus eacnamaíoch a urramú. Molann CESE go ndéanfaí an tsíocháin, an tslándáil agus an chosaint a chur chun cinn, chomh maith leis an gceartas agus an dul chun cinn ar fud an domhain trí bheart gníomhach a dhéanamh ar son na síochána; go dtacófaí leis an gcóras iltaobhach; go n-áiritheofaí go mbeadh iomaíocht chóir ann; go dtabharfaí aghaidh ar an mbochtaineacht; go gcothófaí idirphlé sóisialta agus sibhialta; go ndéanfaí an daonlathas, cearta an duine agus córas daonnúil bainistithe imirce a chur chun cinn.

3.2. Ba cheart don Aontas a chuid saoránach a chumhachtú agus slándáil a chinntiú i roinnt réimsí ar mhaithe le hiad a chosaint ar an méid seo a leanas: naimhde seachtracha; rioscaí sláinte agus paindéimí nach ann dóibh go fóill; bagairtí hibrideacha mar aon le mí-úsáid nó drochúsáid ardteicneolaíochtaí digiteacha; riosca na bochtaineachta, an eisiata agus an idirdhealaithe, agus deiseanna eacnamaíocha agus saothair á ndaingniú do chách ag an am céanna; riosca éigeandálaí aeráide agus bithéagsúlachta; agus, ar deireadh, bagairtí ar an daonlathas rannpháirtíochta, trí bhíthin rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach sa saol sibhialta, polaitiúil agus daonlathach.

3.3. Níor cheart don bhéim a leagtar ar an tionscal cosanta agus ar STEP (Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip) dochar a dhéanamh don chaiteachas poiblí in earnálacha tionsclaíocha eile, ná do sheirbhísí bunriachtanacha amhail córais sláinte, an t-oideachas agus an ceartas, rud a mbeadh tionchar aige ar a n-inbhuanaitheacht, a gcáilíocht agus a gcuimsitheacht. Is cinnte go ndéanfar díospóireacht phoiblí theasaí maidir le maoiniú an tionscail mhíleata. Ní bhíonn rath ar an infheistíocht sa tslándáil ná sa chosaint má tá ilroinnt sa tsochaí. Ba cheart é a bheith mar phríomhchuspóir ag beartas cosanta na hEorpa caiteachas agus bonneagar a chomhordú, riachtanais theicneolaíocha a mhapáil agus aghaidh a thabhairt ar an ilroinnt idir na Ballstáit.

3.4. Thairis sin, chun gur féidir comhbheartas cosanta AE a bhunú, teastaíonn fíor-chomhbheartas eachtrach lánfheidhme a n-áirítear níos mó ann ná an comhar feabhsaithe atá ann faoi láthair (i.e. an Comhbheartas Slándála agus Cosanta). Chuige sin, ba cheart modhanna leordhóthanacha ábhartha agus neamhábhartha a thabhairt don Aontas, lena n-áirítear acmhainní dílse.

3.5. Molann CESE go neartófaí Comhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais agus go gcruthófaí fíor-Aontas Eorpach um Chosaint, lena n-áirítear borradh a chur faoi theicneolaíochtaí coiteanna straitéiseacha agus chriticiúla AE agus cumais chosanta, agus an comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas a threisiú.

3.6. Molann CESE go gcinnteofaí go mbainfeadh an tAontas an chothromaíocht cheart amach, faoin *gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann*, idir bainistiú imirce atá éifeachtach agus réalaíoch ar thaobh amháin agus daonnúil agus inbhuanaithe ar an taobh eile d'fhonn bealaí dlíthiúla chun teacht isteach san Aontas a chur chun cinn, ach slándáil agus rialú theorainneacha seachtracha an Aontais á n-áirithiú san am céanna, sin agus cur chuige bunaithe ar chearta i leith an tearmainn agus cuimsiú na n-imirceach agus na ndídeanaithe i margadh an tsaothair. Ba cheart don Aontas béim a leagan ar na deiseanna atá ann de bharr na himirce, ar an ngá atá le beartais éifeachtacha lánpháirtithe, agus ar an ngá atá le bealaí dlíthiúla a shaothrú agus a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tacaíonn CESE le comhpháirtíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh le tíortha atá slán. Is gá lánurraim do chearta an duine agus don dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a ráthú i gcónaí. Níor cheart breathnú ar an imirce ó thaobh na slándála de amháin.

3.7. Leagann CESE béim ar an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag saoránaigh atá gníomhach ar bhonn deonach maidir leis an gceartas sóisialta agus an athléimneacht a chothú laistigh de chreat slándála an Aontais. Cuireann na gníomhaithe sin go mór leis an gcomhtháthú sóisialta tríd an deighilt a laghdú, an comhionannas a chur chun cinn, agus luachanna daonlathacha a threisiú. Cuireann a gcuid oibre le hathléimneacht na sochaí i gcoinne dúshláin amhail an t-athrú aeráide, an éagobhsaíocht eacnamaíoch agus deighiltí sóisialta. Ní mór don Aontas tacú go gníomhach leis na heagraíochtaí sin agus iad a rannpháirtiú mar chomhpháirtithe bunriachtanacha chun Eoraip shlán, chóir agus chuimsitheach a chothú.

4. **Tacú le daoine agus an tsochaí agus an múnla sóisialta a neartú**

4.1. Aithníodh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta go hiomlán mar cheann de bhunchlocha an Aontais, ós rud é go bhfuil stáit leasa dhea-fheidhmiúla agus infheistíochtaí sóisialta cuimsitheacha ríthábhachtach chun sochaí atá athléimneach ar bhonn sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú.

4.2. Cuireann CESE in iúl gur cheart Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bheith ina ‘chompás’ i gcónaí chun na hiarrachtaí maidir le feabhas a chur ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar dhálaí oibre a stiúradh. Is díol sásaimh do CESE an togra chun an *Plean Gníomhaíochta nua maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta* agus spriocanna 2030 maidir le fostaíocht, oideachas, scileanna agus bochtaineacht a chur i gcrích. Tá cur chuige ilghnéitheach ag teastáil chun

(a) tionscnaimh atá ann cheana sa réimse fostaíochta agus sóisialta a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le tacaíocht airgeadais a chur ar fáil (ó chistí an Aontais) chun tacú le beartais agus cláir a rannchuidíonn go díreach le cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach;

(b) aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta agus shóisialta atá os comhair na hEorpa trí bhearta reachtacha agus/nó neamhreachtacha;

(c) an nasc idir Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a aithint agus a neartú, mar phríomhchuid de chreat rialachais shocheacnamaíoch an Aontais. Is uirlis é an creat nua um chóineasú sóisialta chun dul chun cinn a rianú agus chun a áirithiú go ndéanfar beartais shóisialta a chur chun feidhme agus a chistiú go leordhóthanach.

Ba cheart do na comhpháirtithe sóisialta agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach go hiomlán i dtimthriall iomlán an tSeimeastair.

4.3. Is féidir ról lárnach a bheith ag an idirphlé sóisialta ar gach leibhéal chun fás, táirgiúlacht, fostaíocht agus iomaíochas cuideachtaí Eorpacha sna margaí domhanda a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach an chómhargáil a chur chun cinn agus a threisiú, mar aon le cearta na n-oibrithe chun faisnéise, chun go rachfar i gcomhairle leo agus chun rannpháirtíocht níos láidre i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Tá gá le hionstraimí den sórt sin chun bainistiú a dhéanamh ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua, na digiteála agus na hintleachta saorga ar an láthair oibre, chun gur féidir dálaí oibre agus cearta na n-oibrithe a fheabhsú. Leagtar béim i dtuarascálacha Letta agus Draghi ar an ngá atá leis an idirphlé sóisialta a threisiú mar phríomhghné chun iomaíochas inbhuanaithe an Aontais agus margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a áirithiú. Tacaíonn CESE leis an tionscnamh maidir le *Comhshocrú nua um Idirphlé Sóisialta Eorpach* a chruthú go luath in 2025 agus iarrann sé freisin ar an gCoimisiún Eorpach torthaí an idirphlé shóisialta Eorpaigh a chur chun cinn, cur chun feidhme éifeachtach comhaontuithe uathrialacha a spreagadh agus tacú le forfheidhmiú an idirphlé shóisialta ar an leibhéal náisiúnta. Cuireann sé i bhfios go láidir go mbeadh Creat um Chóineasú Sóisialta an tSeimeastair Eorpaigh ina uirlis luachmhar ina leith sin.

4.4. Tá sé ríthábhachtach dul i gcomhairle le hoibrithe chun tacú leis an ngné chlaochlaitheach de straitéis an Aontais don tslándáil agus don inbhuanaitheacht, ag breathnú chun tosaigh san am céanna chuig an tionchar is dócha a bheidh ag teicneolaíochtaí ceannródaíocha, cuir i gcás an intleacht shaorga.

4.5. Tacaíonn CESE le *Treochlár an Choimisiúin um Poist ar Ardchaighdeán*, lena ndírítear ar na tionscnaimh uile atá ann cheana sa réimse sóisialta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirithítear dálaí maithe oibre, oiliúint agus aistrithe córa post d’oibrithe (go háirithe trí chumhdach cómhargála a mhéadú) agus do dhaoine féinfhostaithe. Chuige sin, tá gá le tionscnaimh agus infheistíochtaí sonracha. Tá sé tábhachtach margadh saothair atá cuimsitheach go sóisialta agus cothrom a chothú, trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe lena dtugtar aghaidh ar mhná, ar dhaoine óga agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

4.6. Iarrann CESE go ndéanfaí gníomhaíocht maidir leis na SDGanna agus cuireann sé i bhfios go láidir nach mór iarrachtaí comhordaithe ar fud na mBallstát chun an bhochtaineacht a laghdú a áireamh sa *Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta*, arb í an chéad straitéis riamh í lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais láithreacha agus ar chúiseanna seanbhunaithe. Ba cheart an straitéis sin a ailíniú go dlúth le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus ba cheart iarrachtaí comhordaithe ar fud na mBallstát a bheith i gceist léi, lena n-ionchorpraítear dea-chleachtais chun laghdú

inbhuanaithe intomhaiste na bochtaineachta a áirithiú. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá cur chuige iomlánaíoch lena neartaítear líontáin sábhála shóisialta agus lena gcothaítear fás eacnamaíoch cuimsitheach, gan aon duine a fhágáil ar lár. Iarrann CESE go bhforbrófaí geilleagar sóisialta láidir tríd an moladh maidir leis an ngeilleagar sóisialta ón gComhairle a chur chun feidhme d'fhonn cleachtais ghnó atá freagrach go sóisialta agus sochair phoiblí a neartú.

4.7. Tacaíonn CESE le ceapadh an Choimisinéara Eorpaigh um Thithíocht, chomh maith leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne. Is príomhthionscnamh é an plean sin chun tithíocht inacmhainne, inrochtana, chuibhiúil agus inbhuanaithe a chur ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais. Ba cheart cistiú láidir a chur ar fáil faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí leochaileacha amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, agus teaghlaigh ar ioncam íseal. Molann CESE ardán infheistíochta ar leibhéal an Aontais a bheith ann chun comhpháirtíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a éascú, ardán arb é is aidhm dó deireadh a chur le heisiamh tithíochta agus a áirithiú go mbeidh beartais tithíochta cuimsitheach agus cothrom.

4.8. Is rud ríthábhachtach í rannpháirtíocht na hóige do thodhchaí na hEorpa. Is díol sásaimh do CESE go n-eagróidh na Coimisinéirí uile a gcéad *Idirphlé Beartais leis an Aos Óg* laistigh den chéad 100 lá den sainordú. Is gá timpeallachtaí a chur ar fáil do rannpháirtíocht struchtúrtha na ndaoine óga agus béim a leagan ar an gcaoi ar féidir lena nuálaíocht, lena rannpháirtíocht agus lena dtiomantas todhchaí an Aontais a mhúnlú agus an t-idirphlé sóisialta agus cearta na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Iarrann CESE ar an gCoimisiún Eorpach bearta nithiúla a dhéanamh chun feabhas a chur ar an ráthaíocht don aos óg agus ar thionscnamh ALMA, mar aon le measúnú a dhéanamh ar an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí.

4.9. Molann CESE go nglacfaí bearta práinneacha chun 'Aontas an Chomhionannais' a bhunú do chách, agus go mbunófaí é ar phrionsabail na cothroime idirghlúine. Iarrann sé ar an gCoimisiún Ard-Stiúrthóireacht a bhunú a bheidh tiomnaithe don chomhionannas. Ní mór a áireamh leis sin réitigh láithreacha chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú sistéamach, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta na ndaoine uile a chosaint, gan beann ar chúlra ná ar fhéiniúlacht. Is gá na creataí dlíthiúla atá ann cheana i gcoinne an idirdhealaithe a neartú agus a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú iomlán a áirithiú. Ní mór é sin a bheith mar bhonn leis an measúnú ar straitéisí a bhí ann roimhe seo agus le forbairt na *straitéise nua maidir le Comhionannas Inscne tar éis 2025*, an *Treochláir um Chearta na mBan*, na *straitéise nua Frithchiníochais tar éis 2025*, na *straitéise nuashonraithe maidir le comhionannas LGBTQI*, na *Straitéise Eorpaí nua i leith Daoine Scothaosta* agus na Straitéise Eorpaí um Chearta Daoine faoi Mhíchumas tar éis 2025. Ní mór pobail imeallaithe agus grúpaí nach n-éistear leo go minic a bheith i gcroílár Aontas níos cuimsithí a mhúnlú. Tá CESE ag iarraidh go dtiocfaí ar chomhaontú i ndáil le Treoir Chothrománach an Aontais i Réimse an Neamh-Idirdhealaithe, ar treoir í a bhfuil bac curtha uirthi sa Chomhairle le breis agus 16 bliana anuas.

4.10. Molann CESE go ndéanfaí samhail an gheilleagair shóisialta margaidh atá ann san Eoraip a chur chun cinn tríd an méid seo a leanas: tacú leis an bhfiontraíocht agus leis an nuálaíocht; poist ardcháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear i gcineálacha nua oibre, agus dálaí oibre a fheabhsú; infheistíocht a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i scileanna ar ardchaighdeán; an ceart chun oiliúna agus chun foghlama ar feadh an tsaoil a áirithiú, lena n-áirítear athsciliú agus uas-sciliú agus cáilíochtaí gairmiúla ardcháilíochta; comhoibriú a chothú idir institiúidí oideachais agus oiliúna; agus rochtain éifeachtach ar oiliúint ar ardchaighdeán a áirithiú do chách. Ina theannta sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt don chuimsitheacht san oideachas, lena n-áirítear bearta chun rochtain chothrom a fheabhsú, go háirithe laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais. Trí shoghluaisteacht Erasmus+ a neartú ar na leibhéil oideachais uile, is féidir féiniúlacht choiteann Eorpach agus luachanna coiteanna Eorpacha a chothú i measc daoine óga.

5. **Ár gcáilíocht saoil a chothú: slándáil bia, uisce agus an dúlra**

5.1. Is bagairt thromchúiseach é an t-athrú aeráide don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus teastaíonn straitéis chuimsitheach fhadtéarmach agus gníomhaíocht chomhordaithe ar gach leibhéal ina leith.

5.2. Ba cheart don Choimisiún bearta a ghlacadh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an straitéis airgeadais inbhuanaithe, chun sreafaí infheistíochta a atreorú chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar thacsanomaíocht shóisialta le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe sa chomhthéacs sin.

5.3. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh Aontas Eorpach ann a chuireann cosaint ar fáil i gcoinne na rioscaí atá ann faoi láthair, agus a bheidh ann amach anseo, ó thaobh an athraithe aeráide, an truaillithe agus chailliúint na bithéagsúlachta de. Ní foláir don Aontas beart a dhéanamh chun astaíochtaí a laghdú faoi 90 % faoi 2040, chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú agus chun an dúlra agus an bhithéagsúlacht a athbhunú ar mhaithe lena chinntiú nach mbeidh na soláthairtí le haghaidh bhunriachtanas na ndaoine (bia, uisce, fuinneamh, sláinte phoiblí, etc.) san Aontas ná ar fud an domhain i mbaol.

5.4. Príomhréimse tosaíochta eile is ea an Comhaontú Gorm don Eoraip. Á chur san áireamh a bhunriachtanaí atá an t-uisce agus i bhfianaise na ndúshlán atá ann sa domhan mór agus ar an mór-roinn seo againne, bídís ann cheana féin nó bídís ar an mbealach, ba cheart tús áite a thabhairt don uisce agus ba cheart Comhaontú Gorm don Eoraip a ghlacadh mar bheartas straitéiseach neamhspleách, ós rud é nach féidir an beartas uisce a theorannú don bheartas aeráide amháin. Is féidir leis an Eoraip breathnú ar na dúshláin atá ann ó thaobh uisce de mar dheis seachas mar dhúshlán, deis chun dul i mbun forbairt theicneolaíoch, dul chun cinn sochaíoch a dhéanamh, poist nua a chruthú agus scileanna agus gnó a chur chun cinn, agus sin uile a dhéanamh ar bhealach ina n-urramaítear an comhshaol agus ina gcosnaítear acmhainní uisce chun leasa cách.

5.5. Molann CESE go ndéanfaí roinnt dul chun cinn maidir le hathbheocht a chur in earnáil feirmeoireachta an Aontais agus an fhorbairt tuaithe a chothú trí chur le tarraingt na hearnála i measc daoine óga, mná agus feirmeoirí agus fiontair theaghlaigh bheaga agus mheánmhéide, d'fhonn tréigean na tuaithe a sheachaint. Ba cheart tacú leis na feirmeoirí sin trí bhíthin comhbheartas talmhaíochta tar éis 2027 a mhaoineofar go cuí lena gcosnófar an táirgeadh bia san Eoraip agus lena n-áiritheofar athléimneacht ina leith. Ní go dtí go mbeifear in ann riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a chomhlíonadh ar bhealach cothrom a bheidh an fheirmeoireacht agus pobail bheoga tuaithe inbhuanaithe. Ba cheart é sin a léiriú san *Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia*, lenar cheart spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú chun tírdhreach talmhaíochta athléimneach agus inbhuanaithe a chruthú. Ba cheart bearta a áireamh san fhís sin chun nuálaíocht a dhreasú i gcleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe atá athléimneach ó thaobh uisce de, agus chun tacú le córais bhia áitiúla, atá riachtanach don tslándáil bia agus d'fholláine na bpobal tuaithe.

6. **Ár ndaonlathas a chosaint agus ár luachanna a chaomhnú**

6.1. Bíonn eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag obair ó mhaidin go hoíche chun rannpháirtíocht na saoránach agus an tsaoránacht ghníomhach a chur chun cinn, an t-idirphlé sóisialta a neartú, an t-idirphlé sibhialta a chothú, an fód a sheasamh ar son chearta an duine agus cleachtais dhaonlathacha a chothú. Is an-luachmhar go deo an obair sin chun cur le neart, athléimneacht agus ionadaíocht an Aontais.

6.2. Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais aitheantas a thabhairt don luach a bhaineann leis an tsochaí shibhialta mar phríomhghníomhaí maidir le beartais an Aontais don fhás inbhuanaithe, do chosaint an daonlathais agus don cheartas sóisialta a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear na haistrithe córa a théann chun tairbhe do na saoránaigh, na hoibrithe agus na gnólachtaí. Bíonn siad i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla ar na leibhéil uile agus tá sé ar a gcumas ábhair beartais a bhriseadh síos lena gcur in iúl go deas simplí don ghnáthphobal laethúil. Fágann sé sin go gcabhraíonn siad leis na daoine is leochailí ar deacair dóibh oiriúint don athrú. Ina theannta sin, measann CESE nach mór an tsaorálaíocht a aithint agus a chur chun cinn mar léiriú ríthábhachtach ar an tsaoránacht ghníomhach. Ní mór bearta a dhéanamh chun go n-aithneofar luach na saorálaíochta agus chun go dtacófar léi mar ghníomhaíocht shibhialta lena dtreisítear an rannpháirtíocht shibhialta agus an daonlathas rannpháirtíochta.

6.3. Molann CESE go ngníomhódh an tAontas, tráth athbhreithnithe na gConarthaí lá is faide anonn, chun a chinntiú go n-urramófaí an smacht reachta, na cearta bunúsacha agus an éagsúlacht trí athruithe ar na sásraí cinnteoireachta a fhiosrú. Ní mór an daonlathas a chosaint ar bhagairtí inmheánacha agus seachtracha trí spás sibhialta cumasúcháin a fhorbairt laistigh de theorainneacha an Aontais agus lasmuigh díobh agus trí leasú a dhéanamh ar an bPacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais chun lúba ar lár a bhaineann an bonn d'institiúidí daonlathacha a dhúnadh, lena n-áiritheofar go gcloífidh na Ballstáit uile le luachanna agus prionsabail chomhroinnte Eorpacha.

6.4. Is díol sásaimh do CESE go dtosóidh an Coimisiún ar chaibidil a fhorbairt ina dtabharfar aghaidh ar ghné an Mhargaidh Aonair ina thuarascáil bhliantúil maidir leis an Smacht Reachta.

6.5. Is díol sásaimh do CESE go mbunófaí Sciath Eorpach nua don Daonlathas, lenar cheart cosaint a thabhairt i gcoinne trasnaíocht eachtrach agus bréagaisnéise agus sláine na bpróiseas daonlathach ar fud an Aontais a chaomhnú. Le cur chun feidhme luath an Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, ba cheart cearta sibhialta a chosaint, an t-idirdhealú a chomhrac agus cuimsitheacht a chothú, agus ról na sochaí sibhialta a threisiú maidir le sochaithe inbhuanaithe agus cothroma a thógáil.

6.6. Iarrann CESE go dtabharfaí tacaíocht struchtúrach d'eagraíochtaí neamhspleácha láidre na sochaí sibhialta ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus aitheantas á thabhairt aige don ról atá ag na heagraíochtaí sin, ag an daonchairdeas, agus ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le sochaithe athléimneacha agus an daonlathas a chothú trí idirphlé sibhialta agus sóisialta. Chun fíorthimpeallacht chumasúcháin a chruthú, ní mór don Aontas tosaíocht a thabhairt don idirphlé sin agus treoir a bhunú maidir leis an reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha. Molann CESE go mbeadh eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go gníomhach i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas, agus san fhaireachán agus sa mheastóireacht a dhéanfar orthu, chun beogacht dhaonlathach, shóisialta agus eacnamaíoch an Aontais a fheabhsú. Chun Airteagal 11 CAE a chur chun feidhme go héifeachtach, ní mór don idirphlé le comhlachais ionadaíocha a bheith oscailte, trédhearcach agus rialta. Iarrann CESE go mbeadh critéir luachbhunaithe ann do chláir chistiúcháin an Aontais amhail Erasmus+, Fís Eorpach, agus na cistí comhtháthaithe chun a áirithiú go mbeidh tionscadail a fhaigheann tacaíocht ag teacht le prionsabail dhaonlathacha.

6.7. Tugann CESE dá aire gealltanas an Choimisiúin Eorpaigh *dlús a chur lena chaidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta* agus iarrann sé ar institiúidí an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta agus straitéis a fhorbairt don tsochaí shibhialta, straitéis a mbeidh plean gníomhaíochta soiléir ag gabháil léi. Thairis sin, iarrann CESE go mbunófaí scórchlár bliantúil don idirphlé sibhialta nó do spás na sochaí sibhialta ar mhaithe lena mheas an bhfuil ionchur eagraíochtaí na sochaí sibhialta i bpróisis chomhairliúcháin á gcur san áireamh nó nach bhfuil. D'fhéadfaí an scórchlár sin a úsáid chun tuarascáil dhébhliantúil maidir leis an idirphlé sibhialta a chur ar bun lena ndéanfaí meastóireacht ar an idirphlé sibhialta agus ar éifeachtacht eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá sé beartaithe ag CESE oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le príomh-gheallsealbhóirí eile, maidir le hardán na sochaí sibhialta a chruthú, a rialú agus a oibriú go rialta, mar a fógraíodh sa litir mhisin chuig Coimisinéir ainmnithe an Choimisiúin Eorpaigh, Michael McGrath.

6.8. Is cúis mhór imní do CESE na forbairtí i roinnt Ballstát a bhfuil laghdú tagtha ar an spás d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar thoradh orthu. Tá ról lárnach ag na heagraíochtaí sin maidir le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint, agus maidir le cur i gcoinne an phobalachais atá ag dul i méid. Ní mór don Aontas coinneáil air ag cur i gcoinne na bhforbairtí sin trí bhíthin nósanna imeachta Airteagal 7, agus trí chistí Eorpacha a reo, i.e. cistí a bhí le dul chuig Ballstát sular fuarthas gur Ballstát é nach n-urramaíonn an smacht reachta, neamhspleáchas chóras na mbreithiúna ná cearta bunúsacha amhail an tsaoirse comhlachais agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, nó ar Ballstát é a chuireann srian ar shaoirse an phreasa agus ar shaoirse na meán d'fhonn an dioscúrsa poiblí a chúbláil.

7. **Eoraip dhomhanda: ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a neartú**

7.1. Chun comhtháthú polaitiúil níos láidre a bhaint amach agus chun an tsíocháin dhomhanda a chur chun cinn, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar an neamhspleáchas straitéiseach chun an geilleagar a chosaint ar sceitheadh teicneolaíochta agus fíorbheartas eachtrach comhchoiteann lánfheidhme a áirithiú. Chuige sin, ba cheart don Aontas labhairt d'aon ghuth laistigh d'institiúidí iltaobhacha, ról ceannasach a imirt maidir lena n-athchóiriú agus leas a bhaint as ról idirnáisiúnta an euro mar shócmhainn straitéiseach. Molann CESE vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach i mbeartas eachtrach an Aontais.

7.2. Molann CESE go gcothófaí beartas trádála Eorpach atá oscailte agus bunaithe ar rialacha chun bearta lárnacha eile de chuid an Aontais a chomhlánú agus chun bheith mar chrann taca fúthu, is é sin beartais a bhaineann leis na cearta bunúsacha agus an smacht reachta, i dteannta leis an mbeartas atá ann i dtaca leis an aeráid, an digiteáil, an nuálaíocht, an tsochaí agus an tionscal. Le comhaontuithe trádála, ba cheart athléimneacht an Aontais a mhéadú trí allmhairí a éagsúlú, deiseanna margaidh a chruthú do chuideachtaí Eorpacha, cúrsaí slándála a fheabhsú agus rioscaí geopholaitiúla a mhaolú, agus ba cheart freisin forfheidhmiú caighdeán sóisialta agus comhshaoil a chur chun cinn agus cothrom na Féinne ar fud an domhain a chinntiú ar mhaithe leis an iomaíocht chóir san am céanna. Is mó rochtain a bhíonn ar amhábhair chriticiúla agus ionchur eile – lena n-áirítear an fuinneamh – mar thoradh ar chomhaontuithe trádála agus d'fhéadfadh sé sin cuidiú le slabhraí soláthair AE ní b'athléimní, ní b'inbhuanaithe agus ní ba fhreagraí a dhaingniú.

7.3. Molann CESE cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le méadú an Aontais, agus béim shoiléir á leagan ar shíocháin agus cobhsaíocht na hEorpa a choinneáil agus rathúnas comhroinnte a chothú. Ba cheart don Choimisinéir um Méadú díriú ar a áirithiú gur i dtreo na síochána, an rathúnais agus an daonlathais atá an tionscadal Eorpach ag dul i gcónaí, agus ar chobhsaíocht fhadtéarmach a chruthú ar an mór-roinn seo againn, tráth a bhfuil an teaghlach á mhéadú agus teacht isteach á thabhairt do Bhallstáit nua ó na Balcáin Thiar agus ó thíortha comharsanacha na Rúise, amhail an Úcráin, an Mholdóiv agus an tSeoirsia. Is féidir nach iomchuí a thuilleadh próisis chinnteoireachta an Aontais le haghaidh Aontas de 30-35 thír. Cúram tábhachtach a bheidh le cur de ag gCoimisiún Eorpach nua is ea institiúidí a ullmhú agus, más gá, a chur in oiriúint, agus faireachán cúramach á dhéanamh ag an am céanna ar dhul chun cinn na dtíortha is iarrthóirí i dtaca le luachanna bunaidh agus acquis an Aontais. Ag obair go dlúth le Parlaimint na hEorpa, ní mór don Choimisiún Eorpach a chinntiú gur méadú a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais agus do shaoránaigh na dtíortha is iarrthóirí araon aon mhéadú a tharlóidh amach anseo, agus go gcoinneofar ardchaighdeáin inbhuanaitheachta an Aontais.

7.4. Mar chuid de sin, ba cheart borradh a chur faoi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta eagraithe agus ról ar leith a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta. Anuas air sin, ba cheart do gach páirtí polaitiúil an fód a sheasamh ar son a gceart chun dul i gcomhlachas, ar son na saoirse chun tuairimí a nochtadh, ar son shaoirse an phreasa agus ar son shaoirse na meán, sin agus ba cheart dóibh cur i gcoinne aon mhonaplacht faisnéise nó aon chúbláil ar an dioscúrsa poiblí. Tá céim thábhachtach glactha ag CESE cheana féin i dtreo an mhéadaithe, agus cead *ad hoc* tugtha aige d'ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta ó na tíortha is iarrthóirí a bheith rannpháirteach i roinnt cruinnithe de chuid CESE. Molann sé d'institiúidí eile de chuid an Aontais an sampla sin a leanúint.

7.5. Iarrann CESE go ndéanfaí machnamh san Aontas ar vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach i bpróiseas aontachais an Aontais, ar a laghad le haghaidh gach céime idirmheánaí, agus ar chinntí a chur in iúl don phobal i gcoitinne ar bhealach oscailte trédhearcach nach deacair a aimsiú. Ba cheart bearta forfheidhmiúcháin níos láidre a ghlacadh i dtaca leis na cearta bunúsacha.

7.6. Tacaíonn CESE le forbairt Comhshocraithe Nua um Réigiún na Meánmhara lena gcuirfear an chobhsaíocht, an fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus an fás inbhuanaithe chun cinn ar fud an réigiúin. Leis an gcomhshocrú sin, ba cheart tús áite a thabhairt don chomhar réigiúnach i réimsí amhail an fuinneamh in-athnuaite, an tslándáil mhuirí, agus deiseanna cuimsitheacha eacnamaíocha agus fostaíochta, lena n-áiritheofar gur comhpháirtithe gníomhacha iad tíortha na Meánmhara maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte.

7.7. Molann CESE go mbunófaí straitéis chuimsitheach idir an tAontas agus an Meánoirthear lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin síochána, slándála agus shocheacnamaíocha an réigiúin, trí chomhar spriocdhírithe a chothú. Ba cheart don straitéis sin díriú, thar aon ní eile, ar choinbhleachtaí a réiteach gan mhoill agus go síochánta, ar rialachas daonlathach a chothú, ar chomhpháirtíochtaí trádála a fheabhsú, agus ar fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus urraim do chearta daonna na náisiún uile á háirithiú ag an am céanna, agus cobhsaíocht agus rathúnas síochánta a bhaint amach sa réigiún.

7.8. Measann CESE gur deis ríthábhachtach é Cruinniú Mullaigh 2025 idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach chun na naisc idir an tAontas agus an Afraic a dhoimhniú, ag díriú ar fhorbairt eacnamaíoch fhrithpháirteach, ar an gclaochlú digiteach agus ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí cothroma lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin chomhroinnte, amhail an dífhostaíocht i measc na hóige agus an talmhaíocht inbhuanaithe, lena gcothaítear rathúnas fadtéarmach don dá ilchríoch.

7.9. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tús a chur leis na hullmhúcháin le haghaidh dlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le Bliain Idirnáisiúnta na nOibrithe Deonacha don Fhorbairt Inbhuanaithe 2026. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún dul i dteagmháil le Ballstáit na Náisiún Aontaithe, leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach chun a áirithiú go n-ardófar feasacht go héifeachtach le Bliain Idirnáisiúnta 2026 maidir le luach na saorálaíochta agus go gcomhtháthófar an tsaorálaíocht i mbeartais forbartha an Aontais agus i mbeartais forbartha náisiúnta.

8. **Beart a dhéanamh le chéile agus an tAontas a ullmhú don todhchaí**

8.1. Ba cheart don Choimisiún tosaíocht a thabhairt don togra maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027 a thíolacadh faoi lár 2025, lena gcuirfear na hacmhainní airgeadais is gá ar fáil don Aontas chun a thosaíochtaí beartais a chur chun feidhme.

8.2. Tá gá le hacmhainní dílse nua chun buiséad daingean inbhuanaithe de chuid an Aontais a ráthú agus ba cheart don Aontas an cóimheas idir acmhainní dílse an Aontais agus ioncam na mBallstát atá bunaithe ar an ollioncam náisiúnta a mhéadú de réir a chéile.

8.3. Chun ullmhú don mhéadú agus d'athchóirithe, is gá freisin coigeartú a dhéanamh ar **bhuiséad an Aontais**, agus ar acmhainní dílse an Aontais, d'fhonn beartais infheistíochta Eorpacha a chur chun feidhme. Molann CESE aontas na margaí caipitil éifeachtúil comhtháite a fhorbairt i dteannta le hAontas Baincéireachta lánfheidhme a mbeidh gach Ballstát mar chuid de, d'fhonn tuilleadh comhchuibhithe a bhaint amach agus bacainní trasteorann a bhaint, agus rialacháin agus faireachas fónta á gcosaint ag an am céanna, chun féachaint leis an gcobhsaíocht airgeadais agus inbhuanaitheacht na samhla sóisialta Eorpaí a chaomhnú, tomhaltóirí, infheisteoirí agus coigilteoirí a chosaint agus margadh aonair fónta a bhaint amach.

8.4. Molann CESE ciste infheistíochta de chuid an Aontais a bhunú mar chuid den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta a bhfuil leas straitéiseach Eorpach ag baint leo agus a riartar go díreach ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo.

8.5. Molann CESE sraith critéar chun beartú tosaíochta agus roghnú infheistíochtaí a threorú faoi acmhainneacht infheistíochta an Aontais amach anseo. Ba cheart an ciste sin a mhaoiniú trí mheascán acmhainní, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó na Ballstáit, acmhainní dílse nua agus eisiúint chomhpháirteach fiachais an Aontais. Leis na hinfheistíochtaí agus an státchabhair arna maoiniú ag an Aontas, ba cheart coinníollachtaí a leagan síos chun an smacht reachta, cearta bunúsacha agus an t-idirphlé sóisialta a urramú.

8.6. Is rudaí ríthábhachtacha iad an dílárú fioscach agus an neamhspleáchas fioscach chun an t-iomaíochas a chothú. Ba cheart an leas is fearr a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as na cistí comhtháthaithe, agus cur chuige lena ndírítear ar thorthaí a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún dlús a chur leis an measúnú agus leis an bhfaireachán ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a rachaidh in éag in 2026, le rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus tacaíocht theicniúil a neartú chun a áirithiú go n-ionsúfar na cistí ina n-iomláine, rud a uasmhéadóidh a dtionchar ar an bhfás inbhuanaithe. D'fhéadfadh an Seimeastar Eorpach feidhmiú mar chreat chun cistiú ón Aontas a threorú agus d'fhéadfadh sé dlisteanacht agus éifeachtacht straitéisí fáis an Aontais a neartú freisin.

8.7. Leis na rialacha nua maidir le rialachas eacnamaíoch do thimthriall nua Sheimeastar Eorpach 2025, ní mhéadaítear go leordhóthanach an spás fioscach le haghaidh infheistíochta chun an bhearna infheistíochta ar leibhéal na mBallstát a dhúnadh ná chun cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Beidh sé ríthábhachtach an nasc idir an Colún agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a neartú chun an dul chun cinn a rianú agus chun a áirithiú go ndéanfar na beartais shóisialta a chistiú go leordhóthanach agus a chur chun feidhme go leormhaith. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfar faireachán rialta ar na cuspóirí agus ar na critéir a leagtar síos sa Chreat nua um Chóineasú Sóisialta, agus go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach ann d'fhonn na beartais agus na bearta cuí a shainaithint chun samhail shóisialta ardcháilíochta a chosaint sna tíortha uile. Chuige sin, tá gá le hinfheistíochtaí i mbearta aistrithe córa, i gcosaint shóisialta chuimsitheach agus leordhóthanach, i gcórais sláinte agus oideachais, mar aon le haghaidh a thabhairt ar chailliúint na cumhachta ceannaigh agus ar na neamhionannais atá ag dul i méid sna réigiúin agus i measc grúpaí éagsúla, chun míchothromaíochtaí idir tosaíochtaí an bheartais thionsclaíoch agus an bheartais shóisialta a sheachaint.

8.8. Cé go gciallaíonn an amlíne dhocht a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach nach bhfuil ach deiseanna teoranta ar fáil chun comhairliúchán iomchuí a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta eagraithe, tá sé ríthábhachtach an ról atá aici a neartú. Moltar an próiseas comhairliúcháin a fheabhsú trí rochtain ar fhaisnéis a shimpliú, trí na bealaí cumarsáide idir an tsochaí shibhialta agus na cinnteoirí ábhartha a fheabhsú, trí shásraí aiseolais rialta a chomhtháthú agus trí phróiseas idirphlé struchtúrtha a bhunú.

8.9. Iarrann CESE ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a áireamh i gClár Oibre 2025: an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí, lenar cheart a bheith in ann *tosaíocht a thabhairt do tháirgí Eorpacha sa soláthar poiblí in earnálacha straitéiseacha áirithe* agus maidir le teicneolaíochtaí, agus *na rialacha soláthair phoiblí a nuachóiriú agus a shimpliú, go háirithe agus gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe an Aontais á gcur san áireamh* ([1]). Ní mór an gá atá le trédhearcacht sa phróiseas a chur san áireamh, agus cearta bunúsacha agus an t-idirphlé sóisialta a urramú. Ní mór aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann i slabhraí fochonraitheoireachta.

8.10. Is é an beartas comhtháthaithe an beartas infheistíochta fadtéarmach is tábhachtaí san Aontas, agus is mar sin ba cheart dó a bheith amach anseo freisin. Tá ról ríthábhachtach aige maidir leis an gcomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach a neartú san Eoraip. Is féidir é sin a bhaint amach trí phríomhphrionsabail an bheartais comhtháthaithe a chosaint, amhail an rialachas il-leibhéil, prionsabal na comhpháirtíochta agus an bhainistíocht chomhroinnte.

8.11. Tá na **Cistí Comhtháthaithe** ríthábhachtach i gcónaí chun an cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos a chothú. Ba cheart d'Ard-Stiúrthóireacht thiomnaithe um Chomhtháthú tacú leis an mbeartas comhtháthaithe agus gné an rialachais il-leibhéil a bhaineann leis a choinneáil chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cláir an bheartais comhtháthaithe, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, agus ba cheart é a leathnú le tionscnaimh a mhaoinítear go náisiúnta agus a chómhaoinítear go príobháideach. Tá sé ríthábhachtach cur chuige beartais iomlánaíoch, comhordaithe agus comhtháite a bheith ann ar leibhéal an Aontais, cuir i gcás buiséad AE lena bhfreastalófaí ar bhealach ní b'fhearr ar na riachtanais shóisialta atá ann agus a chuirfí i bhfeidhm trí bhíthin an tSeimeastair Eorpaigh athchóirithe agus an Chreata um Chóineasú Sóisialta a ghabhann leis, i gcomhréir le beartas fónta eacnamaíoch, sóisialta agus airgeadais. Thairis sin, ba cheart d'institiúidí an Aontais meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le hionstraim airgeadais bhuan lena gcuirfí leis an taithí a fuarthas ó chlár SURE, d'fhonn caiteachas sóisialta na mBallstát a chobhsú i gcás suaití eacnamaíocha seachtracha agus d'fhonn tacú le hoibrithe agus le fiontair sna hearnálacha tionsclaíocha sin agus sna réigiúin sin is mó a ndéanann próisis an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais difear dóibh.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([1]) Ursula von der Leyen, Rogha na hEorpa: Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024–2029, lch. 11-12.